Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6256/22**

**COPS 64**
**POLMIL 31**
**EUMC 47**
**CFSP/PESC 165**
**CSDP/PSDC 66**
**COAFR 54**
**POLMAR 15**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6081/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle lena leathnaítear agus lena bhfeabhsaítear cur chun feidhme Choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle lena leathnaítear agus lena bhfeabhsaítear cur chun feidhme Choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe i Murascaill na Guine, a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú dá cuid a tionóladh an 21 Feabhra 2022.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE LENA LEATHNAÍTEAR AGUS LENA bhFEABHSAÍTEAR CUR CHUN FEIDHME CHOINCHEAP NA LÁITHREACHTAÍ MUIRÍ COMHORDAITHE I MURASCAILL NA GUINE

1. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht straitéiseach a bhaineann le réigiún Mhurascaill na Guine agus go bhfuil rún daingean aici tacú le Stáit na hAfraice Thiar agus le Stáit Lár na hAfraice agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla atá roimh an tslándáil mhuirí, lena n-áirítear bunchúiseanna na neamhshlándála. Tá an tAontas tiomanta don tacaíocht a thugann sé don réigiún, do gach leibhéal d’Ailtireacht Yaoundé agus do Stáit Chósta Mhurascaill na Guine a mhéadú.

2. Is díol sásaimh don Chomhairle an laghdú atá tagtha ar theagmhais slándála muirí i Murascaill na Guine in 2021 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin mar thoradh ar iarrachtaí na Stát Cósta agus na ngníomhaithe réigiúnacha agus láithreacht fheabhsaithe agus leanúnach shócmhainní cabhlaigh Bhallstáit an Aontais i limistéar leasa muirí Mhurascaill na Guine faoi chuimsiú chur chun feidhme choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMP).

3. Mar sin féin, is timpeallacht thar a bheith dúshlánach í Murascaill na Guine i gcónaí do mharaithe, go háirithe mar gheall ar an mbagairt leanúnach ón bpíoráideacht, rud a chuireann as don tsaoirse loingseoireachta agus, ar an gcaoi sin, a chuireann i mbaol na mórbhealaí trádála, forbairt inbhuanaithe an réigiúin ar fad agus slí bheatha eacnamaíoch an daonra, agus a fhágann meath ar an timpeallacht mhuirí agus tionchar aige sin ar an mbithéagsúlacht. Tugann an Chomhairle dá haire freisin gur gá tacú le socruithe leordhóthanacha a fhorbairt chun go dtabharfaí ar láimh iad siúd a bhfuil amhras ann gur foghlaithe mara iad, agus idirphlé ar bun le Stáit Chósta ábhartha.

4. Meabhraítear don Chomhairle na Conclúidí uaithi an 25 Eanáir 2021 agus is díol sásaimh di an méid atá bainte amach go dtí seo faoi chuimsiú chás píolótach CMP agus, ar aon dul leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme choincheap CMP, aithníonn sí an deis atá ann é a chur chun feidhme go hiomlán. Tá sé léirithe gur ionstraim éifeachtach agus úsáideach é coincheap CMP, ag rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí i Murascaill na Guine mar chuid de chur chuige comhtháite an Aontais. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá láithreacht leanúnach mhuirí sa réigiún a fheabhsú agus a chomhdhlúthú, lena léirítear ról méadaitheach an Aontais mar sholáthraí slándála muirí, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

5. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin an obair atá déanta ag Cill Comhordaithe an Limistéir Mhuirí Leasa laistigh den tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí maidir le comhordú ar imscaradh shócmhainní cabhlaigh Bhallstáit an Aontais sa réigiún a éascú ar bhealach éifeachtach, chomh maith le feasacht staide muirí ábhartha a fhorbairt don Aontas agus a chuid Ballstát trí mhalartú faisnéise oibríochtúla muirí a éascú tríd an tionscadal Faireachais Mhuirí (MARSUR).

6. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ceapadh Comhordaitheoir Sinsearach an Aontais don tSlándáil Mhuirí i Murascaill na Guine, a éascóidh ar bhealach iomlánaíoch comhleanúnachas foriomlán ghníomhaíochtaí ghníomhaithe an Aontais agus an comhordú eatarthu, chomh maith le comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a neartú, i ndlúthchomhar leis an tionscal muirí. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh na Stáit Chósta úinéireacht a lorg.

7. Is gá níos mó iarrachtaí a dhéanamh chun coincheap CMP a neartú a thuilleadh. I gcomhréir le cur chuige comhtháite an Aontais, leis an gcomhlántacht le cláir atá maoinithe ag an Aontas sa réigiún a fheabhsú, amhail tionscadal Líonra Idir-réigiúnach Mhurascaill na Guine agus ardán Ailtireacht Yaoundé le haghaidh Comhroinnt Faisnéise ar bhonn Réigiúnach, nó an clár atá maoinithe ag an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta, chomh maith leis an tSaoráid Eorpach Síochána sheachbhuiséid, b’fhéidir, cuideofar le tacaíocht níos fearr a thabhairt d’Ailtireacht Yaoundé agus do Stáit Chósta Mhurascaill na Guine.

8. Chuige sin, is fíor an méid seo a leanas i leith na Comhairle:

- cuireann sí síneadh 2 bhliain le cur chun feidhme choincheap 'CMP i Murascaill na Guine';
- scrúdóidh sí an bhféadfaí coincheap CMP a chur i bhfeidhm i limistéir leasa mhuirí eile a d'fhéadfadh a bheith ann;
- fillfidh sí ar choincheap CMP i Murascaill na Guine faoi mhí Feabhra 2024 ar a dhéanaí;
- tá sí ag súil le dlúthchomhar leantach a dhéanamh le Stáit na hAfraice Thiar, Stáit Lár na hAfraice, agus eagraíochtaí Ailtireacht Yaoundé ar mhaithe leis an obair sin a chur chun cinn.